## TORTHAÍ FOGHLAMA I BHFÓCAS

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**2.3** láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn sé a lorg éiceolaíoch

**2.4** plé a dhéanamh ar thrí cinn nó níos mó de straitéisí maireachtáil inbhuanaithe is féidir leis féin a úsáid ina shaol

**2.10** a mheas conas is féidir leis cabhrú i leith dúshlán amháin atá roimh an domhan san am i láthair

**2.12** machnamh a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo

## AINM AN MHEASÚNAITHE RANGBHUNAITHE

*Teicneolaíocht dhigiteach nó modh eile a úsáid chun feasacht a ardú faoinár Lorg Carbóin agus an lorg sin a laghdú.*

## AN COMHTHÉACS TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

D'úsáid na scoláirí a ngléasanna féin chun a loirg charbóin a ríomh ar World Wildlife Federation

Roinneadh na sonraí chun meán an tseomra ranga a ríomh. Rinneadh imscrúdú ar na sonraí agus cuireadh lorg éiceolaíoch na hÉireann i gcomparáid le lorg éiceolaíoch an domhain – aimsíodh na sonraí don ríomh seo ar The Global Footprint Network

D'fhiosraigh na scoláirí tionchar lorg éiceolaíoch an chine dhaonna ar an domhan mórthimpeall orainn. Phléigh na scoláirí an TED Talk a thug Greta Thunberg ar an ngá atá le gníomh a dhéanamh anois.

Tugadh an tasc do na scoláirí agus roinneadh na treoirlínte maidir le tabhairt faoin MRB leo; lena n-áirítear cad is Taifead ar Ghníomh Saoránachta ann, formáidí éagsúla le haghaidh láithreoireachtaí, an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht/machnamh a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus tús eolais ar na Gnéithe Cáilíochta.

## TAIFEAD AR GHNÍOMH SAORÁNACHTA AN SCOLÁIRE




Abhaile



## Why I Chose This Action/Issue

I chose this issue because climate change is a huge problem that is not going to go away. I wanted to do something about it. A swap shop will not prevent climate change, but it is a step in the right direction.



# What I Hope to Achieve

- I hope that this swap shop will be successful and that many people will cut down on their carbon emissions by swapping things that are not useful to them, for things that are.
- I hope that this action will raise awareness about people's carbon footprint, and they will be more mindful and responsible about their carbon emissions in the future.
- I hope to have learned more about climate change during this CBA.

Abhaile




# How I Contributed to the Action

- I worked with a partner to do this action.
- I started off by doing my own research on our carbon footprint and climate change.
- My partner and I researched ideas on how to reduce peoples carbon footprint and decided to do a swap shop in the school together.
- I wrote a list of items that would be acceptable for students to swap.
- I designed posters to advertise our action to put up around the school.
- I wrote an announcement that was said over the school intercom.
- My partner and I carried out the action.
- I donated items that were left over to a charity shop.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# What I leaned About the Issue/Topic

While researching for this action, I learned that we can't stop climate change because it's already here, and it's already too late to reverse many of its catastrophic effects. Even if we stopped emitting greenhouse gases today, global warming would continue to happen for at least several more decades, if not centuries. That's because it takes a while for the planet to respond, and because carbon dioxide lingers in the atmosphere for hundreds of years. There is a delay between what we do and when we feel it. With that in mind, we should still try to cut down on our carbon emissions. If we don't, the Earth will **never** recover. That is why we decided to do a swap shop.

## Skills I Developed

- Research skills
- Communication skills
- Digital Skills
- Artistic skills
- Groupwork skills
- Organisational skills



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Abhaile

# How my Opinions or Attitudes Have Been Changed, Challenged or Confirmed

- Before I did this action, I thought that we could still stop climate change. I now know that it is already happening.
- I was surprised to find out the average carbon footprint in my class is 12.9 tonnes, I thought that it would be lower than that since the UK average is 10.2.
- I didn't know about all the terrible effects of climate change that are already taking place around the world until now.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Abhaile



## My Overall Reflections on my Learning and What this Means for me in the Future

- Working with a partner helped because we could split the work up between us. This meant that we were able to take on quite an ambitious action.
- I enjoyed working with another student and if I had the chance, I would like to work in a group again.
- I will try to make better choices in the future regarding my carbon footprint because I hate that many people are suffering because of climate change.

## NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

### Thar barr ar fad

- Léirítear sa taifead ar ghníomh mar a thug an scoláire go hiomlán agus go héifeachtach faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán den scoth i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach atá thar a bheith éifeachtach.

### Os cionn na n-ionchas

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán maith i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach eagraithe, cruthaitheach agus éifeachtach.

### Ag teacht leis na hionchais

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoin ngníomh.
- Tá roinnt fianaise ann ar mhachnamh pearsanta ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead ar ghníomh i láthair ar bhealach eagraithe ina bhfuil roinnt cruthaitheachta.

### Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Tá fianaise theoranta ann ar rannpháirtíocht phearsanta sa ghníomh a rinneadh.
- Tá fianaise an-teoranta ann ar mhachnamh an scoláire ar a chuid foghlama.
- Tá achoimre an-bhunúsach ar fhaisnéis sa taifead ar ghníomh cé gur beag soiléireacht nó cruthaitheacht atá ann

Tugtar tuairimí mhúinteoir an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta sna nótaí, ag féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

## NÓTAÍ AN MHÚINTEORA AG ÚSÁID NA GCRITÉAR RATHÚLACHTA

Léirítear sa taifead fianaise mhaith ar an mbealach a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ngníomh agus léirítear fíor-thiomantas agus cruthaitheacht ag eagrú imeacht ina mhalartaigh daoine rudaí a bhí acu ach nár theastaigh uathu ar rudaí a bhí ag daoine eile. Feictear go raibh gníomh an scoláire fónta do na scoláirí eile a bhí rannpháirteach ach níl fianaise shoiléir ann ar an tionchar fadtéarmach a bheadh ag an ngníomh ag ardú feasachta. Ní ndeachthas i ngleic leis na ceisteanna “cad a dhéanfar ina dhiaidh seo?” agus “cén tionchar a bheidh aige seo ar an domhan trí chéile?”. D’fheabhsófaí an taifead dá míneofaí an fáth a bhfuil tábhacht leis an ngníomh sonrach seo ann, ag úsáid fianaise ar an tionchar a bhíonn ag faisean ar an timpeallacht.

Cé go raibh easpa sonraí sa taifead, ar an iomlán léirítear fianaise shoiléir ar rannpháirtíocht agus foghlaim phearsanta ann. D’fheabhsófaí an taifead dá gcuirfí ní ba mhó sonraí leis, cuir i gcás bun eolais an chinnidh a rinneadh le himeacht malartaithe a eagrú, tuairimí scoláirí eile maidir leis an imeacht malartaithe, agus fianaise ar thuiscint an scoláire ar na naisc atá idir athrú aeráide agus an méid éadaí a cheannaímid. Anuas air sin, d’fhéadfaí an taifead seo a fheabhsú le machnaimh mhothúchánacha a cothromaíodh le machnaimh ar gach a d’fhoghlaim an scoláire ag dul i ngleic leis an ngníomh seo agus smaointe faoi na céad chéimeanna eile a thógfar.

Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach an-éifeachtach i gcur i láthair PowerPoint. Is taifead cuimsitheach, dea-struchtúrtha agus tarraingteach ar an tsúil é.

## AN LEIBHÉAL GNÓTHACHTÁLA

### An measúnú is fearr maidir le breithiúnas ar an iomlán =

Ag teacht leis na hionchais

Tugtar tuairimí mhúinteoir an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta sna nótaí, ag féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.